Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0242

Creat reachtach nua le haghaidh táirgí atá oiriúnach don aistriú digiteach agus inbhuanaithe

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2025 maidir le creat reachtach nua le haghaidh táirgí atá oiriúnach don aistriú digiteach agus inbhuanaithe (2024/2119(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2023 maidir le Comóradh 30 bliain an Mhargaidh Aonair: a bhfuil bainte amach a cheiliúradh agus súil chun cinn ar fhorbairtí amach anseo[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Bealtaine 2025 maidir le seandúshláin agus cleachtais tráchtála nua sa mhargadh inmheánach[2].

– ag féachaint do chlár oibre an Choimisiúin 2025 (COM(2025)0045),

– ag féachaint don mheastóireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Reachtach Nua (SWD(2022)0365),

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93[3],

– ag féachaint do Chinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann chun táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle[4],

---

1 IO C 214, 16.6.2023, lch. 8.
2 Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0107.
3 IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj.
4 IO L 218, 13.8.2008, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/768(1)/oj.

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gcomhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011[5] (MSR),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2025 dar teideal 'Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe' (COM(2025)0037),

– ag féachaint do thogra an 17 Bealtaine 2023 le haghaidh rialachán lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (COM(2023)0258),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 dar teideal *A Competitiveness Compass for the EU* [Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach] (COM(2025)0030),

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an Rialachán um Chaighdeánú),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/2853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle[7] (an Treoir maidir le dliteanas i leith táirgí)

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE[8],

---

5 IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj.

6 IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

7 IO L, 2024/2853, 18.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2853/oj.

8 IO L 136, 22.5.2019, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/771/oj.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

– ag féachaint doThreoir (AE) 2024/1799 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828[9],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004[10] (an Treoir maidir le Cosaint Tomhaltóirí),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE[11],

– ag féachaint d'fhógra ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 dar teideal *The "Blue Guide" on the implementation of EU product rules 2022* [Treoirleabhar Gorm maidir le cur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le táirgí 2022][12],

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an dar teideal *Executive summary of the Fitness Check of EU consumer law on digital fairness* [Achoimre feidhmiúcháin ar an tseiceáil oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach] (SWD(2024)0231),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)[13],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an

---

9 IO L, 2024/1799, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1799/oj.

10 IO L 345, 27.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2394/oj.

11 IO L 409, 4.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/1828/oj.

12 IO C 247, 29.6.2022, lch. 1.

13 IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj.

Gníomh um Margaí Digiteacha)[14],

– ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal *A new Circular Economy Action Plan – For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach – I gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)0098),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE[15] (an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe),

– ag féachaint do Threoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL)[16],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A10-0189/2025),

A. de bhrí gur chuir an creat reachtach nua (NLF) feabhas ar chomhsheasmhacht agus éifeachtúlacht na reachtaíochta maidir le táirgí sa mhargadh aonair trí shainmhínithe agus oibleagáidí comhchuibhithe d’oibreoirí eacnamaíocha, trí mheasúnuithe comhréireachta, trí fhaireachas margaidh agus trí chreidiúnú comhlachtaí faoina dtugtar fógra, mar aon le cur i bhfeidhm deonach caighdeán comhchuibhithe chun comhréireacht le reachtaíocht táirgí AE a thaispeáint;

B. de bhrí gur léiríodh gur uirlis éifeachtach é an Creat Reachtach Nua chun iomaíochas na hEorpa a chothú, a léiríonn a thabhairt isteach éabhlóid thábhachtach ón ‘seanchur chuige’ go dtí an ‘cur chuige nua’; de bhrí go ndíríonn sé ar cheanglais bhunriachtanacha agus go gcumasaíonn sé timpeallacht rialála sholúbtha lena gcothaítear nuálaíocht agus forbairt inbhuanaithe trí chomhpháirtíocht láidir phríobháideach phoiblí laistigh den chóras Eorpach um chaighdeánú, chun a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí comhlíontacha ar an margadh;

---

14 IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj.

15 IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj.

16 IO L 197, 24.7.2012, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/19/oj.

C. de bhrí go dtugann meastóireacht 2022 ar an gCreat Reachtach Nua deis luachmhar chun a thorthaí a chomhtháthú sa phróiseas athbhreithnithe, lena n-áirithítear go mbeidh creat rialála AE fós inoiriúnaithe don dul chun cinn teicneolaíoch, don digitiú, don inbhuanaitheacht agus do riachtanais athraitheacha an mhargaidh; de bhrí gur deis luachmhar é próiseas athbhreithnithe an Chreata Reachtaigh Nua chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht, a éifeachtúlacht agus a ábharthacht, agus aird ar leith á tabhairt ar thosaíochtaí na Parlaiminte, lena n-áirítear cuimsitheacht shóisialta, freagracht chomhshaoil, sábháilteacht agus comhlíonadh táirgí, iomaíochas, ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú agus an margadh aonair a neartú;

D. de bhrí go mbunaítear leis an gCreat Reachtach Nua sraith aontaithe rialacha chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais caighdeáin chomhsheasmhacha sábháilteachta agus cáilíochta, rud a chuireann le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a aithnítear ar fud na mBallstát;

E. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an gCreat Reachtach Nua, mar ghné den chóras Eorpach um chaighdeánú, in iomaíochas thionscal na hEorpa trí nuálaíocht a chur chun cinn, trí rannchuidithe deonacha ó shaineolaithe teicniúla a spreagadh agus trí theicneolaíochtaí sábháilte agus úrscothacha a thabhairt chuig margadh aonair an Aontais;

F. de bhrí go bhféadfadh nuachóiriú na reachtaíochta maidir le táirgí, go háirithe tríd an digitiú, nósanna imeachta um chomhlíonadh a shimpliú agus ualaí riaracháin neamhriachtanacha ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus ardchaighdeáin sábháilteachta agus comhlíontachta rialála á gcoinneáil ag an am céanna;

G. de bhrí nach mór don athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua forbairt go leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, amhail láithreacht mhéadaitheach teicneolaíochtaí nua i dtáirgí; de bhrí nach mór a chur san áireamh ann freisin an imní atá ag dul i méid maidir le substaintí guaiseacha a bheith i dtáirgí; de bhrí go mbeidh an t-athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua ina phríomhuirlis chun an creat faireachais margaidh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le ríomhthráchtáil agus le cineál athraitheach na dtáirgí atá nasctha go digiteach, agus chun oiriúnú do cheanglais nua an gheilleagair chiorclaigh;

H. de bhrí go bhfuil an mheastóireacht ar Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cé nach bhfuil sí fós mar chuid den athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua, mar chuid den iarracht forfheidhmiúcháin níos leithne chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí i margadh an Aontais ardchaighdeáin sábháilteachta agus nach gcuireann siad

tomhaltóirí ná an comhshaol i mbaol;

I. de bhrí gur cheart go bhfeidhmeodh an pas táirge digiteach (DPP) mar ionstraim lárnach chun trédhearcacht, inrianaitheacht agus cinnteoireacht fheasach ag tomhaltóirí agus ag údaráis araon a chur chun cinn;

J. de bhrí go laghdódh cur chun feidhme cothrománach, trasearnála an DPP lena gcumhdaítear táirgí nua, athláimhe, athchóirithe agus athmhonaraithe ilroinnt sa tuairisciú inbhuanaitheachta agus go n-áiritheofaí comhsheasmhacht ar fud an mhargaidh inmheánaigh;

K. de bhrí go bhfuil ról suntasach ag an ríomhthráchtáil maidir le heispéiris tomhaltóirí a mhúnlú trí áisiúlacht fheabhsaithe a éascú, rochtain ar raon leathan earraí agus seirbhísí a leathnú agus a chur ar chumas tomhaltóirí tairbhe a bhaint as roghanna ceannaigh níos inacmhainne; de bhrí, ag an am céanna, go bhfuil dúshláin shuntasacha ann maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear nochtadh do tháirgí neamhsháibháilte nó neamhchomhlíontacha, éagothromaíochtaí maidir le hinrochtaineacht, soiléireacht agus inchomparáideacht faisnéise, agus cleachtais tráchtála atá ceaptha chun teacht i dtír ar chlaontachtaí iompraíochta agus leochaileachtaí tomhaltóirí;

L. de bhrí go raibh luach EUR 94 bhilliún ar mhargadh aththráchtála an Aontais in 2022-2023, arb ionann é agus 12,3 % den ríomhthráchtáil iomlán, agus go meastar go méadóidh sé go EUR 120 billiún, arb ionann é agus 14 % den ríomhthráchtáil faoi 2025; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tosca iomadúla leis an bhfás tapa, lena n-áirítear feasacht tomhaltóirí atá ag dul i méid maidir le hinbhuanaitheacht agus ábhair imní faoin gcomhshaol, éileamh méadaithe ar roghanna malartacha inacmhainne, agus spéis mhéadaitheach in ítimí uathúla, ós rud é go n-éascaíonn aththráchtáil rochtain ar earraí seanré agus ar earraí as táirgeadh;

M. de bhrí gur dúshlán suntasach é an méadú ar dhíolacháin táirgí ar líne toisc go gcruthaíonn an deacracht a bhaineann leis na páirtithe freagracha a shainaithint, amhail díoltóirí nó idirghabhálaithe neamh-AE, saincheisteanna forfheidhmiúcháin; de bhrí go bhfuil lúba ar lár fós ann maidir le díoltóirí ar líne nach gcomhlíonann reachtaíocht AE a rianú agus gníomhaíocht a dhéanamh ina gcoinne, rud a fhágann gur féidir táirgí neamhchomhlíontacha a dhíol gan maoirseacht leormhaith;

N. de bhrí go bhfuil ardáin ríomhthráchtála faoi réir oibleagáidí éagsúla faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus faoin Rialachán

maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[17] (GPSR) agus go bhféadfaí iad a chur faoi dhliteanas faoin Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí (PLD) in imthosca sonracha; de bhrí, ina leith sin, go bhfuil ardáin ar líne faoi dhliteanas mura n-urramaíonn siad a n-oibleagáidí sonracha mar idirghabhálaithe; de bhrí go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ag baint leis an ríomhthráchtáil, go háirithe ar ardáin an-mhór ar líne agus ardáin neamh-AE, d'iomaíochas an Aontais agus go n-ardaíonn sí ábhair imní maidir le cearta tomhaltóirí agus sláinte agus sábháilteacht, go háirithe ós rud é go n-ardaíonn catagóirí áirithe táirgí ábhair imní phráinneacha maidir lena dtionchar ar ghrúpaí tomhaltóirí leochaileacha;

O. de bhrí, cé go bhfuil sé d'aidhm ag an gCreat Reachtach Nua forfheidhmiú comhchuibhithe a bhaint amach, go bhfuil éagsúlacht i gcur chun feidhme agus i bhformhaoirseacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta ar fud Bhallstáit an Aontais; de bhrí go bhféadfadh roinnt tíortha a bheith níos dícheallaí maidir le cigireachtaí a dhéanamh agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú, agus go bhféadfadh moilleanna nó easpa tosaíochta a bheith i ndán do thíortha eile; de bhrí gur féidir leis an bhforfheidhmiú neamhréireach sin éagothromaíochtaí a chruthú i leibhéil sábháilteachta táirgí agus an margadh inmheánach a shaobhadh;

P. de bhrí nach mór a áirithiú leis an gCreat Reachtach Nua go mbeidh nósanna imeachta um measúnú comhréireachta comhchuibhithe, láidir, agus go bhfanfaidh siad de bheith oiriúnach don fheidhm chun aghaidh a thabhairt ar chastacht mhéadaitheach táirgí digiteacha agus idirnasctha, lena n-áirítear rioscaí cibearshlándála agus gnéithe teicneolaíochta atá ag athrú, agus tosaíocht á tabhairt ag an am céanna do shábháilteacht agus do chearta tomhaltóirí;

Q. de bhrí gur cheart go n-áireofaí i gcreat an Chreata Reachtaigh Nua treoirlínte soiléire chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát, chun ardchaighdeáin sábháilteachta táirgí a chaomhnú, agus chun cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach;

R. de bhrí nach mór ról na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra sa phróiseas measúnaithe comhréireachta a neartú trí thrédhearcacht, neamhspleáchas agus inniúlacht laistigh den chóras creidiúnaithe a fheabhsú, trí aitheantas táirgí i mBallstáit uile an Aontais a éascú agus trína áirithiú gur féidir leo freagairt go héifeachtach do

---

17 Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj).

dhúshláin an digitithe agus an gheilleagair chiorclaigh, agus leasanna gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus tomhaltóirí araon á gcosaint ag an am céanna;

S. de bhrí go bhfuil laghduithe CBL curtha chun feidhme cheana féin ag roinnt Ballstát le haghaidh táirgí athúsáide, athchóirithe, deisithe agus athláimhe, lena n-áirítear iad siúd arna ndíol ag carthanais agus ardáin an gheilleagair shóisialta, agus é mar aidhm leo prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn agus borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil;

Róil agus freagrachtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha

1. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le samhail a sheasfaidh an aimsir lena gcoinneofar bunphrionsabail an Chreata Reachtaigh Nua, agus tosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn agus torthaí mheastóireacht 2022 á gcomhtháthú ag an am céanna, go háirithe inbhuanaitheacht, digitiú agus faireachas margaidh feabhsaithe; á chur i bhfáth gur cheart go rachadh an t-athbhreithniú chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí;

2. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le creat reachtach nua atá ailínithe leis na cuspóirí foriomlána maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a mhéadú, do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon, chomh maith le hiomaíochas agus forfheidhmiú an Aontais a neartú le nósanna imeachta cuíchóirithe um chomhlíonadh gan caighdeáin sábháilteachta ná cháilíochta a ísliú; á chur i bhfios go láidir gur cheart simpliú a shaothrú chun ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú gan an bonn a bhaint de chuspóirí comhaontaithe beartais ná cosaint tomhaltóirí a lagú;

3. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud reachtaíocht táirgí AE, lena n-áirítear le GPSR, PLD, an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR), an Gníomh um an Intleacht Shaorga[18], agus DSA agus d'fhonn saorghluaiseacht táirgí sábháilte agus comhlíontacha laistigh den mhargadh inmheánach a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún róil agus freagrachtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha agus a n-oibleagáidí comhfhreagracha faoi Chinneadh Uimh. 768/2008/CE, a athbhreithniú agus, i gcás inarb infheidhme, a thabhairt cothrom le dáta chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, cosaint tomhaltóirí a neartú agus a áirithiú

---

18 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha an Aontais oibriú ar bhonn cothrom laistigh den mhargadh inmheánach agus vis-à-vis cuideachtaí neamh-AE;

4. á chur i bhfios go láidir gur minic nach mbíonn sé d'acmhainn ag an duine freagrach san Aontas Eorpach, atá ag gníomhú thar ceann trádálaithe neamh-AE as comhlíonadh táirgí, sásamh nó cúiteamh do thomhaltóirí a sholáthar, go háirithe agus é ag gníomhú mar ionadaí údaraithe; ag aithint, thairis sin, an easpa ceanglas comhchuibhithe chun a áirithiú gur féidir leis na gníomhaithe sin a n-oibleagáidí a chomhlíonadh; ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena mheastóireacht dhomhain ar éifeachtacht na bhforálacha a bhaineann leis an 'duine freagrach as táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais', agus cur freisin le torthaí na tuarascála eatramhaí maidir le hAirteagal 4 de Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar cheanglas éigeantach a thabhairt isteach do thrádálaithe neamh-AE duine freagrach a cheapadh san Aontas Eorpach a bhfuil dliteanas dlíthiúil agus airgeadais méádaithe aige chun a áirithiú nach bhfágfar tomhaltóirí gan sásamh, agus machaire comhréidh á áirithiú ag an am céanna idir cuideachtaí AE agus cuideachtaí nach de chuid an Aontais iad; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, ceanglais oibríochtúla a bhunú do dhaoine freagracha, a bhféadfadh gnéithe a bhaineann lena sócmhainneacht eacnamaíoch nó lena gcumas a gcúraimí faoi seach a chur i gcrích go héifeachtach a bheith san áireamh iontu;

5. á chur i bhfáth nach mór don Chreat Reachtach Nua forbairt chun tacú le comhtháthú cheanglais an gheilleagair chiorclaigh agus an digitithe, mar a léiríodh sa tseiceáil oiriúnachta agus sa mheastóireacht ar an gCreat Reachtach Nua; ag tabhairt dá haire go n-áirítear leis sin a áirithiú go dtabharfaidh measúnuithe comhréireachta aghaidh go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag dul chun cinn go tapa, amhail nuashonruithe bogearraí agus crua-earraí, nascacht táirgí agus intleacht shaorga, a bhfuil sé d'acmhainn acu saintréithe bunriachtanacha táirgí a athrú tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh, agus ag an am céanna tacú le hiomaíochas agus le nósanna imeachta simplithe um chomhlíonadh;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm cuí an Chreata Reachtaigh Nua a áirithiú, nach mór dó a bheith comhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear le forálacha lena neartaítear cosaint tomhaltóirí i ndáil le húsáid na hintleachta saorga agus cinnteoireacht uathoibrithe; á mheabhrú, i ndáil leis an méid sin, nach mór tomhaltóirí a chur ar an eolas go soiléir nuair a dhéantar cinntí trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga nó as próiseáil uathoibrithe, go háirithe nuair a bhíonn sonraí pearsanta i gceist agus gur cheart an rogha a bheith ag tomhaltóirí idirghabháil dhaonna a lorg i gcásanna den sórt sin, leis

na forálacha atá ann cheana sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[19] agus sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a chur chun feidhme go héifeachtach agus go comhsheasmhach mar bhunchloch an Chreata Reachtaigh Nua; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh maidir le sábháilteacht agus comhlíonadh táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear iad siúd a dhíoltar ar líne; á iarraidh go neartófaí a n-acmhainneacht oibríochtúil agus a gcomhordú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, go háirithe trí phleanáil rioscabhunaithe agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha níos fearr, agus á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le húdarás AE um fhaireachas margaidh; á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'údaráis um fhaireachas margaidh, comhar feabhsaithe, malartú faisnéise feabhsaithe agus úsáid uirlisí digiteacha; ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát leanúint de thacaíocht a thabhairt do shásraí comhair amhail Líonra an Aontais um Chomhlíotacht Táirgí, agus cleachtais fhorfheidhmithe chomhsheasmhacha a áirithiú thar earnálacha agus thar theorainneacha, chun córas dea-fheidhmiúil um fhaireachas margaidh a áirithiú, rud atá ríthábhachtach chun cosaint tomhaltóirí, iomaíocht chóir agus muinín sa mhargadh aonair a chosaint;

8. ag tabhairt dá haire nach cuid den athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua go fóill í an mheastóireacht ar Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ach gur cheart í a thabhairt chun críche faoi mhí na Nollag 2026 mar aon le togra le haghaidh athbhreithniú; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról lárnach ag Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht an fhaireachais margaidh ar fud an Aontais; á mholadh go gcoinneofaí úsáid an mheasúnaithe riosca ar Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun táirgí ardriosca a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar stair chomhlíontachta na n-oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe iad siúd ó thríú tíortha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé córas foláirimh riosca-bhunaithe a bheith ann d'oibreoirí a bhfuil drochfheidhmíocht comhlíonta ag baint leo le fada agus a d'fhéadfadh faireachán treisithe ar fhaireachas margaidh a chumasú; á mholadh go dtabharfaí isteach sásra maoirseachta atá

---

19 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

níos réamhghníomhaí agus níos cumasaithe go digiteach agus a chuirfí ar iontaoibh na n-údarás náisiúnta arna n-ainmniú ag na Ballstáit, d'fhonn maoirseacht níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí a áirithiú; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a thabhairt cothrom le dáta chun gníomhaíochtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh agus malartú faisnéise san Aontas a chuíchóiriú agus a chaighdeánú; á mholadh go bhforbrófaí príomhtháscairí feidhmíochta chun meastóireacht chórasach agus oibiachtúil a dhéanamh ar chomhlíonadh;

Pas Táirge Digiteach (DPP)

9. á thabhairt chun suntais na tairbhí a bhaineann le DPP cothrománach agus idir-inoibritheach mar uirlis lenar féidir rochtain a sholáthar ar fhaisnéis chomhchuibhithe maidir le saintréithe táirgí, comhréireacht táirgí, slabhraí soláthair, éifeachtúlacht fuinnimh, méadrachtaí feidhmíochta inbhuanaitheachta mionsonraithe, agus sonraí bunriachtanacha maidir le comhdhéanamh táirgí, marthanacht, indeisitheacht, in-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht, costais chothabhála, agus praghas agus infhaighteacht páirteanna spártha; ag tabhairt dá haire nach mór don fhaisnéis shonrach atá le háireamh sa DPP an chatagóir táirgí a mheas le cearta rochtana éagsúla ag brath ar na gníomhaithe lena mbaineann; á chreidiúint gur cheart DPP a bheith ina phointe tosaigh do thomhaltóirí, d'údaráis agus do ghnólachtaí feadh an tslabhra luacha;

10. á mheas gur cheart DPP a chur in ionad na ndearbhuithe comhréireachta atá ann cheana chun ceanglais chomhréireachta a chuíchóiriú; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an rialachán atá le teacht maidir le sábháilteacht bréagán, rud a chuirfidh ar chumas oibreoirí eacnamaíocha brath go hiomlán ar DPP seachas dearbhuithe comhréireachta a tharraingt suas;

11. ag cur béim ar luach DPP maidir le tomhaltóirí a chumhachtú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin muinín tomhaltóirí a chothú agus sreafaí ciorclacha táirgí a éascú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé d'acmhainneacht aige tacú le tomhaltas inbhuanaithe i gcomhréir le spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais agus rannchuidiú le tomhaltóirí a mhealladh i bhfabhar geilleagar inbhuanaithe sa mhargadh aonair;

12. á chur i bhfáth go gcuirfeadh DPP cothrománach feabhas suntasach ar obair na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-údarás custaim, ós rud é go bhféadfaí scagadh éifeachtúil a dhéanamh ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir le comhlíonadh táirgí le haghaidh seiceálacha comhréireachta; á chur i bhfios go láidir gur cheart d'údaráis um fhaireachas margaidh a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí is gá ar fáil i gcónaí agus go mbeidh

rochtain leanúnach ag tomhaltóirí, údaráis phoiblí, athchóiritheoirí agus deisitheoirí orthu, i gcomhréir leis na teorainneacha ama, na cearta rochtana agus forálacha ábhartha eile a leagtar amach sa reachtaíocht chomhfhreagrach; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Choimisiún cúnamh saincheaptha, treoirlínte soiléire, nósanna imeachta cuíchóirithe agus uirlisí fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha ábhartha, go háirithe FBManna, chun cur chun feidhme DPP a éascú;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis uaillmhianach a bhunú chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir DPP agus bunachair sonraí atá ann cheana, lena n-áirítear Safety Gate an Aontais, an Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh, Certex, agus mol sonraí custaim an Aontais a bheidh ann amach anseo, chomh maith le sásraí a fhorbraítear faoin Rialachán maidir le Cosaint Tomhaltóirí; á chreidiúint gur cheart na sonraí atá sa phas digiteach a bheith inléite ag meaisín agus inaistrithe go héasca idir na córais sin, chun a áirithiú go ndéanfar táirgí a shainaithníonn údarás um fhaireachas margaidh nó údarás custaim amháin mar tháirgí neamhshábháilte nó neamhchomhlíontacha a chur in iúl go huathoibríoch do gach duine;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé DPP a chomhtháthú de réir a chéile sa Chreat Reachtach Nua mar cheanglas cothrománach do na táirgí ábhartha uile a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil DPP fós ag céimeanna luatha forbartha agus go bhfuil gá le cur chuige de réir a chéile chun a áirithiú gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha iad féin a oiriúnú chun na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh, d'fhonn cur chun feidhme iomlán a bhaint amach;

15. á aithint go bhfuil réitigh DPP á bhforbairt go gníomhach ag cuideachtaí éagsúla atá saincheaptha d'earraí athláimhe agus go bhfuil na huirlisí teicneolaíochta chun faireachán a dhéanamh ar shaolré na dtáirgí sin ar fáil cheana féin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh den sórt sin agus a mheas an bhféadfadh tabhairt isteach DPP d'ítimí athláimhe de réir a chéile, a luaithe a bheidh an DPP le haghaidh táirgí nua curtha chun feidhme go hiomlán, rannchuidiú le samhlacha gnó an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, muinín tomhaltóirí a chothú, tacú le cuspóirí comhshaoil, agus caighdeáin sábháilteachta á gcomhlíonadh ag an am céanna, trína chur ar chumas na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na dtomhaltóirí araon measúnú a dhéanamh ar dhlisteanacht, cáilíocht agus feidhmíocht táirgí athláimhe; ag cur béim, mar sin féin, ar na himpleachtaí sonracha a bhaineann le táirgí athláimhe, i gcás ina bhféadfadh cumas an díoltóra, ar minic gur tomhaltóir é, chun DPP a thabhairt cothrom le dáta i gceart a bheith teoranta; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, i gcás oibreoirí amhail athchóiritheoirí, athmhonaróirí agus allmhaireoirí earraí athláimhe, go bhféadfadh sé a bheith deacair an

fhaisnéis bhunaidh a fháil; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar DPP agus ar na ceanglais ghaolmhara i gcomhthéacs táirgí ciorclacha agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr is féidir leo an geilleagar ciorclach a chur chun cinn;

16. á mheas gur cheart DPP a chur chun feidhme ar bhealach a thacaíonn le hoibreoirí eacnamaíocha trína n-oibleagáidí comhlíontachta a shimpliú, trína bhféadfar níos mó faisnéise éigeantaí a chur in iúl go digiteach, trí cheanglais faisnéise páipéarbhunaithe a laghdú agus trí uirlis aonair a chur ar fáil do gach ceanglas a bhaineann le comhlíonadh táirgí agus le faisnéis; á chur i bhfáth, áfach, gur cheart faisnéis atá ríthábhachtach chun sábháilteacht tomhaltóirí a áirithiú a sholáthar freisin i bhformáid pháipéarbhunaithe d'úsáideoirí, a bhféadfadh sé nach bhfuil an litearthacht dhigiteach nó na modhanna teicniúla is gá acu chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin;

17. á aithint go raibh tairbhe ag baint leis an marcáil CE maidir le cur ar chumas monaróirí comhréireacht táirgí a léiriú, ar féidir leis na húdaráis um fhaireachas margaidh measúnú a dhéanamh air ina dhiaidh sin; aithníonn sí gur gá feasacht a fheabhsú maidir leis an marcáil CE agus na rioscaí a bhaineann le lipéad sábháilteachta nó cáilíochta míthreorach do thomhaltóirí; á chur i bhfios, chun míthuiscintí a sheachaint agus chun sreabhadh na faisnéise trí DPP a chuíchóiriú, gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé an mharcáil CE a chur i bhfeidhm ar bhealaí atá iomchuí do chatagóirí éagsúla táirgí agus measúnú a dhéanamh ar cé acu ar cheart nó nár cheart an mharcáil CE a chur i bhfeidhm i bhformáid fhisiceach ar an táirge nó ar cheart í a chur in iúl tríd an DPP amháin;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha maidir le marcáil CE a chuíchóiriú trí DPP, chun trédhearcacht a fheabhsú agus faisnéis chuimsitheach faoi tháirgí a chur ar fáil; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chun a áirithiú go n-ionchorpróidh iompróirí sonraí an DPP (amhail cóid QR, barrachód nó RFIDanna) bearta slándála teicniúla iomchuí agus comhréireacha arb é is aidhm dóibh an riosca góchumtha a bhaineann go sonrach le gach catagóir táirgí a laghdú go suntasach, d'fhonn barántúlacht agus sláine na sonraí a áirithiú, dúbailt neamhúdaraithe a chosc, agus sásraí faireachais margaidh a threisiú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hinbhuanaitheacht níos fearr agus cosaint fheabhsaithe do thomhaltóirí;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as modheolaíochtaí comhchuibhithe in DPP le haghaidh tomhais chomhshaoil, mharthanachta agus feidhmíochta, d'fhonn tacú le bunú féideartha táscairí inbhuanaitheachta uile-Aontais atá oiriúnaithe do shaintréithe gach táirge, lena

gcomhtháthaítear méadrachtaí ábhartha, amhail inrianaitheacht, in-athchúrsáilteacht agus feidhmíocht ó thaobh ciorclaíochta de; á chur i bhfáth gur cheart an t-innéacs sin a bheith inrochtana go díreach agus go héasca trí DPP trí iompróir sonraí, amhail cód QR, a chuirtear ar an táirge, lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis shoiléir, struchtúrtha, chaighdeánaithe agus infhíoraithe faoin táirge, chun muinín agus feasacht tomhaltóirí a fheabhsú; á chreidiúint go mbainfeadh gnólachtaí an Aontais tairbhe as freisin, ós rud é go n-éascódh úsáid modheolaíochtaí comhchuibhithe forbairt a n-innéacsanna inbhuanaitheachta féin agus go laghdódh sé costais chomhlíonta, agus go gcuirfeadh trédhearcacht mhéadaithe ar a gcumas dul san iomaíocht ar bhonn cáilíochta agus inbhuanaitheachta seachas ar bhonn praghais nó méid;

20. á chur i bhfáth go bhféadfaí pasanna digiteacha a chomhtháthú le prionsabail ord na réiteach dramhaíola ar bhealach a bhféadfaí tacú leis le táscairí iomchuí chun tús áite a thabhairt don athúsáid thar athchúrsáil; á thabhairt chun suntais gur gá a áirithiú go gcoinneoidh monaróirí príomhshonraí táirgí ar feadh tréimhsí fada;

Samhlacha gnó agus patrúin tomhaltais inbhuanaithe

21. Tacaíonn sí le hailíniú an Chreata Reachtaigh Nua le tionscnaimh níos leithne de chuid an Aontais lena gcuirtear inbhuanaitheacht, indeisitheacht agus dearadh táirgí a bhfuil saolré níos faide acu chun cinn, amhail Éicidhearthóireacht, an Ceart chun Deisiúcháin, Tomhaltóirí a Chumhachtú le haghaidh an Aistrithe Ghlais, an Rialachán maidir le Caighdeánú agus an Treoir Réime Dramhaíola[20], agus ar an gcaoi sin tomhaltóirí a spreagadh chun aistriú ó phatrúin tomhaltais neamh-inbhuanaithe, agus é á áirithiú ag an am céanna go gcothófar digitiú agus nósanna imeachta simplithe leis an athbhreithniú ar an gCreat Nua Reachtach, agus **go bhfeabhsófar iomaíochas** ghnólachtaí an Aontais;

22. iarrann sí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora (EPR) a chomhtháthú sa Chreat Reachtach Nua chun creat comhchuibhithe a ghlacadh, lena bhféadfaí bearta amhail dreasachtaí airgeadais agus dearbháin deisiúcháin a áireamh; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún a mheas an féidir le sainmhínithe soiléire agus teorainneacha soiléire freagrachtaí laistigh den Chreat Reachtach Nua forluí a chosc agus a áirithiú go dtreiseoidh forálacha EPR reachtaíocht earnála agus dramhaíola seachas dúbláil a dhéanamh orthu, go gcothófar iomaíochas trí cheanglais chomhlíontachta a

---

20 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj).

chuíchóiriú, go háirithe maidir le hearraí a tháirgtear go háitiúil a bhfuil lorg comhshaoil níos ísle acu, go méadófar trédhearcacht, agus go n-áiritheofar iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach;

23. á chreidiúint go láidir go bhfuil marthanacht ríthábhachtach chun táirgí ardcháilíochta fadtéarmacha a chur chun cinn, agus, i gcomhréir le ESPR, gur cheart go bhféachfadh an Creat Reachtach Nua lena áirithiú go gcuirfidh monaróirí páirteanna spártha agus seirbhísí cothabhála ar fáil thar thréimhse fhada ag brath ar chatagóirí táirgí, lena n-áiritheofar go leanfaidh táirgí de bheith feidhmiúil agus lena laghdófar minicíocht na diúscartha roimh am;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, forálacha comhchuibhithe a bhunú laistigh den Chreat Reachtach Nua maidir le hathchúrsáil agus diúscairt chuí táirgí ag deireadh a saolré, agus na ceanglais a leagtar síos in ESPR agus sa Treoir Réime Dramhaíola á gcur san áireamh; á mholadh go bhféadfaí a áireamh leis sin forálacha a bhaineann le scéimeanna aisghlactha agus bearta tacaíochta tiomnaithe chun athchóiriú, athúsáid agus bainistiú inbhuanaithe gléasanna digiteacha agus táirgí eile a chur chun cinn;

25. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch a bhíonn ag mearfhaisean agus ag fíor-mhearfhaisean, agus na himpleachtaí iarbhír agus féideartha a bhaineann leo maidir le cosaint tomhaltóirí; á chur i bhfios go láidir go gcruthaíonn cleachtais den sórt sin dúshláin thábhachtacha maidir le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí agus go bhféadfadh siad saincheisteanna maidir le hiomaíocht chóir a ardú freisin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dteipeann ar go leor táirgí a chuirtear ar an margadh ceanglais cheimiceacha agus sábháilteachta an Aontais a chomhlíonadh, agus gur minic a bhíonn cuntasacht theoranta roimh oibreoirí eacnamaíocha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé sainmhínithe soiléire agus comhchuibhithe a fhorbairt ar ‘mhearfhaisean’ agus ar ‘fhíor-mhearfhaisean’ chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha a bhaineann leis na samhlacha gnó sin, lena n-áiritheofar machaire comhréidh do gach rannpháirtí sa mhargadh agus lena gcoiscfear ilroinnt rialála laistigh den mhargadh inmheánach; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, measúnú a dhéanamh ar fhorálacha lena n-áiritheofaí go mbeadh uirlisí lánéifeachtacha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hiomadú táirgí ‘fíorthapa’ agus táirgí ar cháilíocht íseal, lena n-áirítear nósanna imeachta níos láidre um measúnú comhréireachta agus uirlisí forfheidhmithe feabhsaithe, chun margadh inmheánach a dhaingniú lena ráthaítear na leibhéil is airde cosanta do thomhaltóirí, agus fás táirgí agus smaointe nuálacha á cheadú agus aon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar ghnólachtaí freagracha agus ar tháirgí comhlíontacha á laghdú ag an am céanna;

Díoltóirí athláimhe, athchóiritheoirí, deisitheoirí agus oibreoirí gaolmhara i samhail ghnó an gheilleagair chiorclaigh

26. á chur i bhfáth, go háirithe, gur gá sainmhínithe comhchuibhithe a bhunú ar ‘athmhonaróirí’ ‘athmhonaróirí’, ‘deisitheoirí’, agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaithe eile atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar sóisialta, eacnamaíoch agus ciorclach; ag tabhairt dá haire, in éagmais na sainmhínithe coiteanna sin, go bhféadfaí na gníomhaithe sin a aicmiú go hearráideach mar mhonaróirí nó mar allmhaireoirí agus, ar an gcaoi sin, a mheas nach gcomhlíonann siad na hoibleagáidí is infheidhme maidir leis na catagóirí sin, rud a d’fhéadfadh iad a nochtadh do smachtbhannaí; á chreidiúint gur cheart na sainmhínithe sin a bheith comhréireach agus go dtabharfar isteach leo níos mó deimhneachta dlíthiúla agus trédhearcachta maidir le cearta agus oibleagáidí na ngníomhaithe eacnamaíocha sin; á mheas gur gá na sainmhínithe sin a chomhchuibhiú i gcomhréir le sainmhínithe na ngníomhaíochtaí comhfhreagracha in ESPR, i gcás inarb ann dóibh, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas inbhuanaitheachta a áirithiú;

27. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go gcuirfí san áireamh agus sainmhínithe coiteanna á mbunú na hoibleagáidí sonracha a bhfuil oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear athchóiritheoirí agus deisitheoirí agus oibreoirí eacnamaíocha eile atá ag teacht chun cinn, in ann a chomhlíonadh go réasúnta, i bhfianaise chineál agus theorainneacha a samhlacha gnó faoi seach; á mheas go bhféadfadh soiléireacht dhlíthiúil fheabhsaithe cabhrú le forbairt an mhargaidh athláimhe a chothú agus rannchuidiú le samhail tomhaltais níos inbhuanaithe agus níos athléimní, le tairbhí ar leith do FBManna agus do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, a thábhachtaí atá na rialacha a bunaíodh faoin gCeart chun Deisiúcháin chun é a dhéanamh níos éasca agus níos tarraingtí do thomhaltóirí táirgí a dheisiú;

28. ag aithint a thábhachtaí atá sé muinín tomhaltóirí as táirgí athláimhe a fheabhsú agus á iarraidh go mbunófaí sásra deimhniúcháin uile-Aontais le haghaidh athchóiritheoirí agus deisitheoirí; á mheas gur cheart sásra den sórt sin a bheith bunaithe ar mhodheolaíochtaí comhchoiteanna, ar cheart iad a fhorbairt agus sainiúlachtaí áitiúla á gcur san áireamh, agus é mar aidhm leis éascú a dhéanamh ar fhorbairt samhlacha gnó inbhuanaithe agus iomaíocha a chuireann borradh freisin faoi chruthú post ardcháilíochta san Aontas;

29. á aithint nach dtugann an Creat Reachtach Nua rochtain d’athchóiritheoirí neamhspleácha ar dhoiciméadacht theicniúil ná ar dhearbhuithe comhréireachta; á chur i bhfios go láidir go gcuireann an easpa rochtana sin bac ar athchóiriú dleathach agus sábháilte táirgí, go háirithe i gcás táirgí casta amhail leictreonaic agus innealra, i gcás ina bhfuil gá leis an rochtain sin chun

comhréireacht a áirithiú; á chreidiúint go bhféadfadh DPP an bhearna sin a dhúnadh trí chead a thabhairt do ghníomhaithe atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí dlisteanacha deisiúcháin agus athchóirithe rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ábhartha maidir le comhlíonadh agus sábháilteacht is gá chun táirgí a athbhunú go dleathach chuig stát comhlíontach; á mheas gur cheart an rochtain sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun sábháilteacht a áirithiú agus chun feidhmiú cuí a gcúraimí a chumasú, agus cosaint faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de á cur san áireamh ag an am céanna;

30. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá sainmhíniú soiléir agus comhchuibhithe ar 'modhnú substaintiúil' a fhorbairt, ar féidir é a úsáid mar bhonn do reachtaíocht atá sonrach ó thaobh an táirge de, chun idirdhealú a dhéanamh idir é sin agus gnáthoibríochtaí deisithe nó cothabhála; á chreidiúint go gcuirfeadh nós imeachta measúnaithe caighdeánaithe chun cineál substaintiúil modhnaithe a chinneadh feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil agus go dtacódh sé le hoibreoirí eacnamaíocha athláimhe; á chreidiúint go bhfuil géarghá le treoirlínte a fhorbairt faoi réir athbhreithniú rialta ar phróisis choiteanna athchóirithe agus deisiúcháin, go háirithe le haghaidh gléasanna leictreonacha, amhail athsholáthar scáileáin, ceallraí nó ceamaraí, lena n-áirítear léiriú ar chomhpháirteanna comhoiriúnacha, d'fhonn toimhde comhréireachta a bhunú leis an reachtaíocht is infheidhme, agus ar an gcaoi sin forbairt samhlacha gnó ciorclacha a chothú agus tacú le hobair na n-údarás ábhartha agus na n-oibreoirí eacnamaíocha;

31. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch ag baint le haththráchtáil — lena mbaineann athchóiritheoirí, deisitheoirí agus gníomhaithe eile a bhféadfadh teacht chun cinn — mar rogha mhalartach inmharthana ar shamhlacha tomhaltais neamh-inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis tomhaltóirí feachtais múscailte feasachta a sheoladh maidir leis na tairbhí a bhaineann le roghanna malartacha athúsáide agus aththráchtála;

Caighdeánú agus measúnuithe comhréireachta

32. á chreidiúint gur gné ríthábhachtach den mhargadh aonair iad caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le cuspóirí leas an phobail a leagtar amach i ndlí an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an Coimisiún freagrach as iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint d'fhonn leas tomhaltóirí, sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus slándáil sonraí a chosaint, chomh maith le cuimsiú sóisialta a chothú, tacú le hiomaíochas, nuálaíocht a chur chun cinn, ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú, agus nósanna imeachta comhlíonta a shimpliú; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gurb é ról na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú freagairt d'iarrataí den sórt sin, agus é mar chuspóir leas ginearálta

an phobail a chur san áireamh mar a chumhdaítear i ngníomhartha dlí an Aontais, agus cuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an t-aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach, éifeachtúlacht acmhainní fheabhsaithe agus samhlacha eacnamaíocha ciorclacha a fhorbairt;

33. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear sa straitéis maidir leis an margadh aonair go bhfuil dúshláin fós roimh ghnólachtaí mar gheall ar easpa nó moill ar infhaighteacht caighdeán comhchuibhithe tráthúil agus éifeachtach, rud a fhágann go bhfuil costais mhéadaithe, éiginnteacht dhlíthiúil, iomaíochas laghdaithe, faireachas margaidh lagaithe agus glacadh níos moille teicneolaíochtaí nua ann; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh atá freisin in earnálacha atá ag athrú go tapa amhail an intleacht shaorga; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, in éagmais caighdeáin leormhaithe agus infheidhme tráth chur i bhfeidhm na reachtaíochta nua, go bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith ar mhonaróirí agus ar nuálaithe, chomh maith le tomhaltóirí, ós rud é go bhféadfadh táirgeoirí a dtáirgí a fhéindeimhniú faoi aicmithe riosca míchearta, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóirí dhlí an Aontais agus a chuirfeadh cosaint úsáideoirí i mbaol;

34. á chur i bhfios go láidir gur saincheist shuntasach fós é foilsiú moillithe caighdeán comhchuibhithe san Iris Oifigiúil do rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh agus do thomhaltóirí agus go gcuireann sé teorainn le cumas na n-údarás um fhaireachas margaidh comhlíonadh a fhorfheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocdhátaí uasta a chur i bhfeidhm le haghaidh iarrataí ar chaighdeánú agus an próiseas um chaighdeánú a chuíchóiriú;

35. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá caighdeánú maidir le saorghluaiseacht earraí a chur chun cinn agus bacainní laistigh den mhargadh inmheánach a laghdú, chomh maith le hiomaíochas gnólachtaí Eorpacha a fheabhsú trí chomhlíonadh dhlí an Aontais a éascú; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, na tairbhí a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí sheanbhunaithe idir institiúidí Eorpacha agus eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, a bhí ríthábhachtach maidir le táirgí a fhorbairt atá níos sábháilte agus ailínithe ar bhealach níos fearr le cuspóirí an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, agus á áirithiú ag an am céanna go mbeidh caighdeáin faoi thionchar an mhargaidh, agus, ar an gcaoi sin, go bhforbrófar iad mar fhreagairt ar riachtanais an mhargaidh agus ar an nuálaíocht, gan sábháilteacht tomhaltóirí a chur i mbaol;

36. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá caighdeánú d’iomaíochas idirnáisiúnta gnólachtaí Eorpacha; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí cur chuige comhchoiteann Eorpach a chomhordú maidir le seasaimh i bhfóraim idirnáisiúnta um chaighdeánú do gach táirge atá faoi réir caighdeáin idirnáisiúnta; á

chreidiúint go bhféadfadh cur chuige comhchoiteann Eorpach a bheith ríthábhachtach chun comhordú agus rannpháirtíocht Eorpach a fheabhsú ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le caighdeánú le comhpháirtithe domhanda atá ar aon intinn leo; cuireann sí i dtreis gur cheart glacadh caighdeán idirnáisiúnta a éascú má tá na caighdeáin sin i gcomhréir le cuspóirí beartais agus leasanna straitéiseacha an Aontais, d'fhonn margaí breise a oscailt do tháirgí Eorpacha, dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, comhsheasmhacht a chur chun cinn sa timpeallacht rialála dhomhanda agus trádáil idirnáisiúnta a éascú;

37. á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh an t-athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua le cuimsitheacht, trédhearcacht agus éifeachtacht níos fearr an phróisis um chaighdeánú, i gcéim na forbartha agus i gcéim an chur chun feidhme araon, lena n-áirítear leithdháileadh chistí an Aontais Eorpaigh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú; á mheabhrú go bhfuil sé bunriachtanach tacaíocht airgeadais shubstaintiúil, fhadtéarmach agus chobhsaí a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do FBManna chun a rannpháirtíocht éifeachtach sa phróiseas um chaighdeánú a éascú; á mheas gur cheart an t-athbhreithniú ar an gCreat Reachtach Nua a dhéanamh i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Caighdeánú;

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an prionsabal a choinneáil trína bhfónann nósanna imeachta um measúnú comhréireachta chun a fhíorú go gcomhlíonann táirgí na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú faoin gCreat Reachtach Nua; á chreidiúint gur éirigh leis na nósanna imeachta sin sábháilteacht, feidhmíocht agus iontaofacht táirgí a áirithiú agus, ag an am céanna, rannchuidiú le comhchuibhiú rialacha an mhargaidh inmheánaigh; á chur i bhfios go láidir, áfach, gur gá measúnú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar fheidhmiú agus ar shoiléireacht na modúl um measúnú comhréireachta atá ann cheana, i bhfianaise éiginnteacht dhlíthiúil leanúnach, cur i bhfeidhm neamhréireach ar fud na n-earnálacha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a eascraíonn as forbairtí teicneolaíochta, amhail táirgí nasctha; á chreidiúint gur cheart d'athbhreithniú den sórt sin cloí leis an bprionsabal gur cheart go gcinnfeadh an leibhéal riosca a bhaineann le táirge an nós imeachta um measúnú comhréireachta is gá; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear trí fhaireachas margaidh níos fearr, caighdeáin nuashonraithe agus próisis chuíchóirithe d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna, agus ar an gcaoi sin córas a sheasfaidh an aimsir a áirithiú;

39. á chur i bhfáth nach mór do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra oibriú ar bhealach inniúil, neamhchlaonta agus neamhspleách; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an éagsúlacht shuntasach idir na

Ballstáit maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú ar a n-inniúlacht, as a n-eascraíonn éiginnteacht dhlíthiúil leanúnach agus cleachtais éagsúla; á chur in iúl gur oth léi, i gcásanna áirithe, go n-eisíonn comhlachtaí faoina dtugtar fógra deimhnithe comhréireachta gan fíorú leordhóthanach a dhéanamh go bhfuil clásail ábhartha uile na gcaighdeán comhchuibhithe is infheidhme á gcomhlíonadh go hiomlán, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint go mór d'inchreidteacht an chórais um chaighdeánú agus bac suntasach a chur ar obair éifeachtach na n-údarás um fhaireachas margaidh; á mholadh don Choimisiún féachaint an bhféadfaí creidiúnú éigeantach a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, chun a n-inniúlacht, a neamhchlaontacht agus a neamhspleáchas a áirithiú ar fud na mBallstát uile; á mheas go bhfuil sé sin bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais éagsúla, chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun muinín sa chóras um measúnú comhréireachta a neartú;

°

° °

40. ag treorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.